Cuntas Leithreasa 2022

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i ndáil le seirbhísí ar leith a riar Oifig an Aire agus le deontais ar leith a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2022, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €5.475 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

***Athrú ar ainm na Roinne***

An 1 Feabhra 2023, tháinig an tOrdú um Chaiteachas Poiblí agus Athchóiriú (Leasú ar Ainm na Roinne agus Teideal an Aire), 2023, i bhfeidhm chun éifeacht dlí a thabhairt d'athrú ainm a d'fhógair an Taoiseach an 17 Nollaig 2022. Leis sin, athraíodh ainm na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe i gciorclán 22 den bhliain 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh agus a mhuirearú de réir méid cothrom ar bhonn míosúil ó mhí na fála/an choimisiúnaithe.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Is mar a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat um nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte airgeadais, don Roinn seo.

I mí Aibreáin 2022, tháinig córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte in éifeacht le haghaidh ocht gcliant-eagraíocht, an vóta seo san áireamh. Tháinig an córas Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais in áit an tseanchinn agus mar sin bhí dhá chóras cuntasaíochta aonair in úsáid le linn na bliana cuntasaíochta 2022. Tháinig roinnt dúshlán chun cinn leis an tabhairt isteach tras-eagraíochtúil sin maidir leis an gcóras bainistíochta airgeadais, agus i gcomhthéacs na cuntais a ullmhú, chuir an tAonad Airgeadais laistigh den Roinn seo seiceálacha de láimh i gcrích chun a chinntiú go bhfuil na figiúirí atá á dtuairisciú cruinn. I gcomhar leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, leanann an Roinn de bheith ag obair ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Is ann do Choiste Iniúchóireachta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn comhroinnte do Vóta 11.
- Tá nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinníonn an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú
- athbhreithnithe rialta ag an lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- córas bainistíochta riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

***Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí air, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agam, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithním an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí ó am go ham i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ann ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha uile.

Thuairiscigh an Roinn soláthar neamhiomaíoch amháin ina tuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Mar sin féin, bhí an conradh sin leis an bhForas Riaracháin le haghaidh athbhreithniú ar *Phrionsabail agus Treoir maidir le Comhairliúchán* 2016, rud lenar bhain luach €39,300, ag comhlíonadh rialacha soláthair mar gheall ar an díolúine Teckal de réir Rialachán 12 de I.R. 284/2016. D’fhág an díolúine sin go bhféadfaí an conradh a dhámhachtain don Fhoras Riaracháin i gcomhlíonadh na reachtaíochta soláthair gan tabhairt faoi thairiscint phoiblí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha chun feidhme ag an Roinn lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh le tabhairt fúthu agus, a mhéid is féidir, leis na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm, rud lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin le hacmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá le rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as feidhmiú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh maidir le rialú a chur in iúl go tráthúil dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, i gcásanna ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh na príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta a bhfuil freagracht orthu as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2022 is gá a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

21 Márta 2023

## Ard-Reachtaire Ciste agus Cuntas

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2022 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguis ín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Meán Fómhair 2023

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach tá an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna cuntas leithreasa, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2022

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Caiteachas poiblí agus beartas earnálach | 25,932 | 23,318 | 21,119 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 23,498 | 21,584 | 21,359 |
| **Ollchaiteachas** | | **49,430** | **44,902** | **42,478** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **2,905** | **3,852** | **2,952** |
| **Glanchaiteachas** | | **46,525** | **41,050** | **39,526** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **5,474,721** | **3,148,074** |

**David Moloney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

21 Márta 2023

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2022

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 17,929 | 16,646 |
| Pá | | 24,911 | 24,695 |
| Neamhphá | | 2,062 | 1,137 |
| **Ollchaiteachas** | | **44,902** | **42,478** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **3,852** | **2,952** |
| **Glanchaiteachas** | | **41,050** | **39,526** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (411) | | |
| Dímheas | 274 | (137) | 251 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | 136 | | |
| Méadú ar fhardail deiridh | 26 | 162 | 110 |
| **Caiteachas díreach** | | **41,075** | **39,887** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 11,860 | 9,303 |
| Measchíosanna | | 2,512 | 2,512 |
| **Glanchostas an chláir** | | **55,447** | **51,702** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1,457 | 942 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | 7,585 | 6,224 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,957 | 1,583 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 211 | 42 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 223 | — |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 427 | 512 |
| | | **11,860** | **9,303** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2022

| | Nóta | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 2,182 | 2,045 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 3,497 | 806 |
| Fardail | 2.2 | — | 26 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 262 | 337 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | — | 10 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 276 | 58 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **4,035** | **1,237** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 190 | 139 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 1,168 | 1,024 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 2,605 | (160) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **3,963** | **1,003** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 72 | 234 |
| **Glansócmhainní** | | **2,254** | **2,279** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **2,254** | **2,279** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2022 | 4,855 | 4,855 |
| Breiseanna [a] | 411 | 411 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a tugadh isteach chun seirbhíse | — | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2022 | 5,266 | 5,266 |
| | | |
| **Dímheas carntha** | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2022 | 2,810 | 2,810 |
| Dímheas don bhliain | 274 | 274 |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2022 | 3,084 | 3,084 |
| | | |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2022** | **2,182** | **2,182** |
| | | |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021 | 2,045 | 2,045 |

Nóta [a] Maidir leis na breiseanna in 2022, bhain €349,000 le forbairt an chórais bainistíochta punainne de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus baineann €62,000 le breiseanna ar dhá shócmhainn reatha: Bainisteoir Inneachair Foghlama na Státseirbhíse agus an córas eCohesion.

## 2.2 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2022 [a] | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| | | |
| Stáiseanóireacht | — | 18 |
| Ábhair inchaite TF | — | 8 |
| | — | **26** |

Nóta [a] Ó 2022 ar aghaidh, déantar míreanna ard-toirte íseal-luacha a chur leis na costais go hiomlán sa bhliain sin, agus ní rangaítear iad mar mhíreanna stoic a thuilleadh.

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais TF | 109 | 126 |
| Táillí oideachais | 48 | 120 |
| Institiúidí idirnáisiúnta | 55 | 55 |
| Síntiúis | 42 | 27 |
| Árachas | 7 | 8 |
| Ilghnéitheach | 1 | 1 |
| | **262** | **337** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | — | 10 |
| | **—** | **10** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe pas taistil | 28 | 28 |
| Aisíocaíocht CBL atá dlite | 154 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 94 | 30 |
| | **276** | **58** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 491 | 495 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 242 | 224 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 22 | 13 |
| Cáin bhreisluacha | 28 | 15 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 86 | 83 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | 2 |
| | 871 | 832 |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 96 | 83 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 201 | 109 |
| | **1,168** | **1,024** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le géilleadh | 5,475 | 3,148 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (2,870) | (3,308) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **2,605** | **(160)** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 3,497 | 806 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 276 | 58 |
| | 3,773 | 864 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (871) | (832) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (297) | (192) |
| | (1,168) | (1,024) |
| | | |
| | **2,605** | **(160)** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 2,279 | 2,652 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 46,525 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (5,475) | | |
| Glanvóta | | | 41,050 | 39,526 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 11,860 | 9,303 |
| Míreanna neamhairgid – coigeartú sócmhainní caipitil | | | — | (12) |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 2,512 | 2,512 |
| Glanchostas an chláir | | | (55,447) | (51,702) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **2,254** | **2,279** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachais riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin mar a leagtar amach thíos comhroinnte thar na cláir, chun costais iomlána an chláir a léiriú.

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 26,543 | 24,912 | 24,695 |
| ii | Taisteal agus cothú | 257 | 189 | 60 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 421 | 492 | 457 |
| iv | Seirbhísí gairmiúla, comhairleoireachta agus eile | 29 | 74 | 29 |
| v | Costais oibriúcháin | 561 | 408 | 377 |
| vi | Costais áitribh agus chóiríochta | 251 | 333 | 164 |
| vii | Costais chumarsáide agus mhargaíochta | 22 | 18 | 19 |
| viii | Costais sócmhainní agus trealaimh | 433 | 548 | 31 |
| | | **28,517** | **26,974** | **25,832** |

Nóta Rinneadh leasuithe ar na fo-mhírchinn riaracháin le cairt nua cuntas tras-Rialtais a éascú do na Vótaí uile. Bogadh nocht vóta, lena n-áirítear an vóta seo, go cairt nua cuntas in 2022. Cuireadh deireadh le ceithre fho-mhírcheann agus cruthaíodh cúig fho-mhírcheann nua. Rinneadh athanailís ar fhigiúirí 2021 le hailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

### Difríochtaí suntasacha

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**v Costais oibriúcháin**

*Soláthar meastacháin €561,000; toradh €408,000*

Cé gur ceapadh go rachadh costais oibriúcháin ar ais chuig leibhéil réamh-phaindéime in 2022, réadaíodh coigilteas €153,000 toisc nár tháinig an méadú céanna mar a bhíothas ag tuar ar na costais oibriúcháin.

**viii Costais sócmhainní agus trealaimh**

*Soláthar meastacháin €433,000; toradh €548,000*

Baineann an méadú €115,000 le caiteachas ar dhá chóras TF de chuid AE lena dtacaítear le híostarraingt thráthúil chistí AE. Cuireadh feabhas ar an gcóras eCohesion agus tógadh córas bainistíochta nua de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Rinneadh fritháireamh go páirteach ar an gcaiteachas ar na córais sin mar gheall ar mhoill ar chóras nua bainistíochta othar a sholáthar do Phríomhoifigeach Liachta na Státseirbhíse agus na Seirbhíse, agus táthar ag tuar anois go mbeidh sé tógtha in 2024.

## Clár A Caiteachas Poiblí agus Beartas Earnálach

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | 11,965 | 11,292 | 11,186 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | 869 | 1,155 | 502 |
| A.3 | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta | 3,000 | 3,000 | 3,000 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile | 1,654 | 1,169 | 1,023 |
| A.5 | Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 1,125 | 992 | 669 |
| A.6 | Cláir Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas | 4,850 | 3,147 | 2,283 |
| A.7 | Clár na hÉireann/na Breataine Bige agus INTERREG Trasnáisiúnta | 220 | 217 | 150 |
| A.8 | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 349 | 188 | 687 |
| A.9 | Maoiniú do phinsin le haghaidh comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 1,150 | 1,505 | 1,410 |
| A.10 | Seirbhís Eacnamaíoch agus Luachála Rialtas na hÉireann | 250 | 172 | 193 |
| A.11 | Tacaíocht nuálaíochta foirgníochta | 500 | 481 | 16 |
| | | **25,932** | **23,318** | **21,119** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €2.614 milliún níos ísle ná an tsuim a tugadh.

**A.2 Riarachán – neamhphá**

*Soláthar meastacháin €869,000; toradh €1.155 milliún*

Baineann an méadú €286,000 go páirteach le méadú i gcostais áitribh agus i gcostais oiliúna agus forbartha. Mar a shonraítear thuas sa mhíniú maidir leis an difríocht sa chostas sócmhainne agus trealaimh, bhí caiteachas ann freisin ar dhá chóras TF de chuid an AE. Cuireadh feabhas ar an gcóras eCohesion agus tógadh córas bainistíochta punainne nua de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Tacóidh na córais sin le híostarraingt thráthúil chistí AE.

**A.4 Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile**

*Soláthar meastacháin €1.654 milliún; toradh €1.169 milliún*

Tharla an coigilteas €485,000 mar gheall ar choigilteas pá in Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí agus AE mar gheall ar leibhéil foirne in 2022 a bheith níos ísle ná mar a bhí tuartha. Ina theannta sin, bhí an caiteachas próifílithe le haghaidh chostais reatha an chórais eCohesion níos ísle ná mar a bhí tuartha.

**A.5 Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach**

*Soláthar meastacháin €1.125 milliún; toradh €992,000*

Bhí méadú €455,000 sa mheastachán ann ó 2021 go 2022 chun tacaíocht theicniúil leordhóthanach a sholáthar do na tionóil le go mbeadh siad in ann iarratais nua ar mhaoiniú deontais AE a phróiseáil. Bhí an tacaíocht theicniúil a bhí de dhíth in 2022 €133,000 níos ísle ná mar a bhí tuartha.

**A.6 Cláir Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus cláir Thuaidh/Theas**

*Soláthar meastacháin €4.85 milliún; toradh €3.147 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €1.703 milliún seo mar gheall ar mhoill ar thionscadal PEACEPLUS a sheoladh. Ba cheart go gcuirfí tús leis an gcaiteachas cláir seo in 2023.

**A.8 Comhairleoireacht agus seirbhísí eile**

*Soláthar meastacháin €349,000; toradh €188,000*

Tharla an coigilteas €161,000 seo mar gheall ar chaiteachas níos ísle i gcomparáid le blianta eile ar ócáidí, ar oiliúint agus ar rannpháirtíocht.

**A.9 Maoiniú do phinsin le haghaidh comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne**

*Soláthar meastacháin €1.15 milliún; toradh €1.505 milliún*

Tá an farasbarr caiteachais €355,000 ann mar gheall ar roinnt cnapshuimeanna go príomha, cnapshuimeanna a bhain le daoine a chuaigh ar scor sna comhlachtaí sin nach raibh tuartha ag na comhlachtaí tráth na Meastachán Athbhreithnithe go déanach in 2021.

## Clár B Bainistiú agus Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | 14,578 | 13,619 | 13,508 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | 1,105 | 907 | 635 |
| B.3 | An Foras Riaracháin | 2,725 | 2,725 | 2,725 |
| B.4 | Nós imeachta eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 44 | 23 | 37 |
| B.5 | Comhairleoireacht agus seirbhísí eile | 369 | 457 | 138 |
| B.6 | Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí | 750 | 747 | 746 |
| B.7 | Clár athchóirithe | 693 | 436 | 603 |
| B.8 | Seirbhís chomhroinnte oifigeach cúnaimh d'fhostaithe | 1,498 | 1,434 | 1,320 |
| B.9 | Tacaíocht maidir le cinntiúchán ar phá poiblí | 100 | 8 | 36 |
| B.10 | Clár foghlama agus forbartha na státseirbhíse | 846 | 607 | 457 |
| B.11 | Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair | 200 | 71 | 34 |
| B.12 | Cur chun feidhme an Achta um Nochtadh Cosanta | 285 | 285 | 220 |
| B.13 | Tionscadal sonraí na hearnála neamhbhrabúis | 305 | 265 | 900 |
| | | **23,498** | **21,584** | **21,359** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas a bhaineann le Clár B €1.914 milliún níos ísle ná an tsuim a soláthraíodh. B'ionann €1.157 milliún agus an coigilteas i gcaiteachas riaracháin. Na nithe seo a leanas a bhí mar chúis le hiarmhéid na difríochta den chuid is mó:

**B.7 Clár athchóirithe**

*Soláthar meastacháin €693,000; toradh €436,000*

Tharla an coigilteas €257,000 i gcaiteachas i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar gheall ar mheascán de choigilteas níos lú thar roinnt réimsí beartais agus cláir, go háirithe i ndáil le hacmhainniú acmhainní daonna, beartas agus inniúlacht na státseirbhíse.

**B.10 Clár foghlama agus forbartha na státseirbhíse**

*Soláthar meastacháin €846,000; toradh €607,000*

Féadtar an coigilteas €239,000 seo a mhíniú go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar theacht ar áiseanna seomra ranga ábhartha eile le cur in ionad seomraí ranga de chuid OneLearning i gCearnóg Mhuinseo. Tháinig deireadh leis an léas ar an áitreabh ar Chearnóg Mhuinseo an 31 Nollaig 2020. Tá an difríocht fhágtha ann mar gheall ar níos lú forbartha maidir leis an gcúrsa ná mar a bhí beartaithe in 2022.

**B.11 Tionscadal riaracháin na scéime pinsean seirbhíse poiblí aonair**

*Soláthar meastacháin €200,000; toradh €71,000*

Tharla an coigilteas €129,000 i gcaiteachas mar gheall ar mhoill ar obair bheartaithe deartha agus forbartha le haghaidh córas lárnach TF don todhchaí chun tacú le riarachán na Scéime Pinsean Aonair ar fud na Seirbhíse Poiblí.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2022 | | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Cláir AE | 1,300 | 1,925 | 1,109 |
| 2 | Barrachais i sreabhadh airgid pinsin | 130 | 177 | 170 |
| 3 | Ilghnéitheach | 65 | 173 | 95 |
| 4 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 1,410 | 1,577 | 1,578 |
| | **Iomlán** | **2,905** | **3,852** | **2,952** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €947,000 níos airde ná an meastachán bunaidh. Leagtar amach mínithe ar dhifríochtaí thíos:

**1 Cláir AE**

*Meastachán €1.3 milliún; réadaithe €1.925 milliún*

Tharla an méadú €625,000 mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le huainiúchán agus luach na n-aisíocaíochtaí maidir le cláir AE a thuar go beacht.

**3 Ilghnéitheach**

*Meastachán €65,000; réadaithe €173,000*

Is deacair fáltais ilghnéitheacha a thuar. Tharla an méadú €108,000 go príomha mar gheall ar aisíocaíocht deontais ab fhiú €87,000 ó Benefacts.

**4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €1.41 milliún; réadaithe €1.577 milliún*

Féadtar an méadú €167,000 a mhíniú mar gheall ar mhéadú i bpá faoi shíneadh an chomhaontaithe 'Building Momentum' a comhaontaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus a siardhátaíodh go páirteach go Feabhra 2022. Chuir sé sin le luach na ranníocaíochtaí aoisliúntais.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach thuarastail na n-airí | 37 | 37 |
| Fáltas AE - aisíocaíocht Interreg | — | 7 |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (37) | (44) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **364** | **362** |

### 5.2 Pá

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 25,249 | 24,447 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 256 | 272 |
| Liúntais eile | 10 | 9 |
| Ragobair | 7 | 36 |
| ÁSPC an Fhostóra | 2,131 | 1,984 |
| **Pá iomlán**[a] | **27,653** | **26,748** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán thar fho-mhírchinn A.1 agus B.1. Ní mhaoiníonn an Roinn go díreach na costais phá de chuid aon cheann de na comhlachtaí atá faoina coimirce.

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is airde** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2022** | **2021** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta agus dualgais bhreise | 33 | 7 | 33,876 | 39,157 |
| Liúntais eile | 2 | — | 9,723 | 9,293 |
| Ragobair | 11 | — | 4,404 | 32,258 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | 3 | 21,674 | 42,426 |

## 5.4 Líon foirne na Roinne de réir banda pá

Seo a leanas an líon fostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000:

| **Bandaí pá (€)** | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2022** | **2021** |
| 20,000 | 59,999 | 213 | 223 |
| 60,000 | 69,999 | 35 | 34 |
| 70,000 | 79,999 | 21 | 26 |
| 80,000 | 89,999 | 39 | 38 |
| 90,000 | 99,999 | 42 | 36 |
| 100,000 | 109,999 | 11 | 15 |
| 110,000 | 119,999 | 15 | 13 |
| 120,000 | 129,999 | 5 | — |
| 130,000 | 139,999 | 1 | 1 |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | 2 | — |
| 160,000 | 169,999 | — | 2 |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 1 |
| 180,000 | 189,999 | — | 1 |
| 190,000 | 199,999 | 1 | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | 1 | — |

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

In 2022, tabhaíodh caiteachas de €195,174 (2021: €220,626) mar gheall ar thriúr oifigeach (2021: triúr oifigeach) a bhí i mbun seirbhíse taobh amuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2022 agus ar íoc an Roinn a dtuarastal.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2022** | **2021** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 33 | 115,915 | 145,797 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 7 | 19,402 | 28,764 |

Aistríodh triúr a bhfuil pleananna aisghabhála dar luach €2,802 i bhfeidhm acu chuig Ranna eile sa bhliain. Déanfaidh a Ranna faoi seach aisghabháil na suimeanna amuigh a bhailiú.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ba é luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais mar a leanas:

| | **2022** | **2021** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Bunphá | **225** | **210** |

Ní chuirtear luach na sochar scoir a tuilleadh le linn na tréimhse ar áireamh thuas. Is comhalta den scéim aoisliúntais roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe iad an tOifigeach Cuntasaíochta agus ní théann a chuid teidlíochtaí i leith sochair scoir thar choinníollacha na scéime sin. Athluadh an figiúr le haghaidh 2021 agus léirítear ann anois an luach saothair a fuarthas, mar a cheanglaítear le ciorclán 22/2022.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an bhunaithe | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Bord Eadrána na Státseirbhíse [a] | 1950/51 | 23 | 21 |
| An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil [b] | 1984 | 72 | 44 |
| | | **95** | **65** |

Nóta [a] Soláthraíonn Bord Eadrána na Seirbhíse Poiblí bealach atá inghlactha don Stát agus dá fhostaithe araon chun déileáil le héilimh agus le tograí a bhaineann le coinníollacha seirbhíse státseirbhíseach agus chun an comhoibriú is fearr a dhaingniú idir an Stát, mar fhostóir, agus státseirbhísigh, mar fhostaithe, ionas gur fearr a chomhlíonfar gnó poiblí.

[b] Bunaíodh an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil i 1984. Is é feidhm an Choiste iarrthóirí a mholadh d'Airí agus don Rialtas le haghaidh na bpost is sinsearaí sa státseirbhís – ar leibhéal Rúnaí Chúnta agus níos airde. Tríd an bhfeidhm sin a chomhlíonadh ar bhealach neamhspleách agus trína chuid cinntí a dhéanamh bunaithe ar fhiúntas coibhneasta na n-iarrthóirí do na poist lena mbaineann agus air sin amháin, bíonn sé mar aidhm ag an gCoiste struchtúr bainistíochta na státseirbhíse a neartú agus modh a sholáthar trínar féidir leis na hiarrthóirí is fearr féachaint lena lánacmhainn a bhaint amach.

### 6.2 Maoiniú AE

Cuimsíonn an toradh atá i bhFo-mhírchinn A.4, A.5 agus A.6 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE. Seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhír:

| Fo-mhírcheann | Tuairisc | 2022 Meastachán €000 | 2022 Toradh €000 | 2021 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| A.4 | Cúnamh teicniúil maidir leis na cistí struchtúracha agus costais eile | 1,654 | 1,169 | 732 |
| A.5 | Costais maidir le cúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach | 1,125 | 992 | 669 |
| A.6 | cinn de chláir de chuid Chomhlacht na gClár Speisialta AE agus de chláir Thuaidh/Theas | 4,850 | 3,147 | 1,228 |
| | | **7,629** | **5,308** | **2,629** |

## 6.3 Costais eadrána agus idir-réitigh

Ní raibh aon chostais eadrána nó idir-réitigh ag an Roinn in 2022 (2021: cás amháin a chosain €460,000).

## 6.4 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún

Mar a fhoráiltear dó in alt 25 den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, is iad an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, agus an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta na scairshealbhóirí aonair sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún, agus scaireanna dar luach eisiúna €99 milliún agus €1 mhilliún faoi seach acu.

I Márta 2022, d'ordaigh an tAire Airgeadais do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta €100 milliún ó shócmhainní an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún, chun urscaoileadh a dhéanamh ar dhliteanas na nAirí a eascraíonn as an tsuibscríbhinn le haghaidh scaireanna.

An 15 Feabhra 2023, d'ordaigh an tAire Airgeadais do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta €250 milliún sa bhreis ó shócmhainní an Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn a aistriú chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun urscaoileadh a dhéanamh ar dhliteanas an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe a eascraíonn as suibscríbhinn an Aire le haghaidh tuilleadh scaireanna sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún dar luach ainmniúil €250 milliún.

## Nóta 7 Ciste Teagmhais

| | 2022 | 2021 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag an 31 Nollaig | **1,200** | **1,200** |

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a bunaíodh i 1923. Tá an ciste ar fáil lena úsáid chun íocaíocht a éascú i ndáil le caiteachas práinneach nó caiteachas gan choinne nach bhfuil cumhdaithe ag na gnáth-Vótaí, agus a bhféadfadh sé a bheith neamhphraiticiúil ina leith cead láithreach a lorg ó Dháil Éireann lena aghaidh, e.g., le linn sosa.

Leagtar na nósanna imeachta maidir le feidhmiú an chiste amach sna *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* (Rannáin C.1.5 go C.1.12).

Déantar athbhreithniú gach cúig bliana ar mhéid an chiste. I ndiaidh athbhreithniú in 2020, rinneadh an cinneadh gur cheart an Ciste a choinneáil ag a leibhéal reatha.

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail dáta an tsínithe, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/Ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/ an Roinn iad | An dáta a cuireadh i láthair Thithe an Oireachtais iad |
|---|---:|---:|---:|---:|
| An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | 2021 | 31 Bealtaine 2022 | 11 Lúnasa 2022 | 11 Lúnasa 2022 |
| An Foras Riaracháin | 2021 | 14 Meán Fómhair 2022 | 11 Nollaig 2022 | 11 Nollaig 2022 |
| Ciste Oideachais na hÉireann-na Stát Aontaithe | 2021 | 8 Samhain 2022 | 8 Samhain 2022 | 8 Nollaig 2022 |
| Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta | 2021 | 24 Meitheamh 2022 | 9 Lúnasa 2022 | 17 Deireadh Fómhair 2022 |
| Comhlacht na gClár Speisialta AE | 2021 | 23 Nollaig 2022 | 15 Feabhra 2023 | Ar feitheamh |
| An cuntas maoine stáit (Taiscí ilghnéitheacha) | 2021 | 15 Samhain 2022 | 15 Samhain 2022 | 8 Nollaig 2022 |
| An ciste cosanta taistealaithe | 2021 | 6 Nollaig 2022 | 7 Nollaig 2022 | 8 Nollaig 2022 |